Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**


Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2017***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Ardleibhéal*



# *Scéim Mharcála agus Freagraí Samplacha*

**(Tá glacadh le freagraí eile atá bailí agus déantar iad a mharcáil dá réir sin)**

## CEIST A-1

**MARCANNA**

**(a) Teilgean aismhéadrach an chiúib agus na línte a chríochnú *(16)***

(i) Suíomh na stuaice riachtanaí ar bharr an chiúib .................................................. **6**

(ii) Imlíne an chiúib (3 líne) a chríochnú .................................................................. **4**

(iii) Teilgean aismhéadrach na sé líne eile ar an gciúb a aimsiú .................................. **6**

**(b) An fhíoruillinn idir ab agus cd a aimsiú *(4)***

(iv) $X_1Y_1$ comhthreomhar le haghaidh cheart an chiúib sa bhonnchló ......................... **1**

(v) Teilgin ingearach le $X_1Y_1$ ...................................................................................... **1**

(vi) Suíomh na bpointí a, b, c agus d sa chló cúnta riachtanach .................................. **1**

(vii) Na línte a tharraingt chun an fhíoruillinn riachtanach a thaispeáint ...................... **1**

***Iomlán = 20***

## CEIST A-2

**MARCANNA**

**(a) Spuaic agus Cuar *(17)***

(i) An spuaic a aimsiú ......................................................................................... **6**

(ii) Pointí a aimsiú lasmuigh den latus rectum (2,4) ................................................... **6**

(iii) Pointí a aimsiú laistigh den latus rectum ............................................................. **2**

(iv) Cuar a tharraingt (Ceann ar bith = 2) .................................................................... **3**

**(b) Normal *(3)***

(v) Pointe atá 30mm ón treoirlíne a aimsiú ............................................................... **1**

(vi) An tógáil riachtanach cheart agus normal a tharraingt ... (1,1) .............................. **2**

***Iomlán = 20***

## CEIST A-3

**MARCANNA**

**(a) An Uillinn Dhéhéidreach *(15)***

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Teilgin ingearach le $X_1Y_1$ | 2 |
| (ii) | Fíorfhad na líne trasnaithe a bhunú sa chló cúnta riachtanach | 3 |
| (iii) | Pointe eile ar dhromchla A agus ar B sa chló cúnta a aimsiú | 2 |
| (iv) | $X_2Y_2$ ingearach leis an líne trasnaithe | 2 |
| (v) | Teilgin ingearach le $X_2Y_2$ | 2 |
| (vi) | Sonrú pointí ar dhromchla A agus B sa dara cló cúnta | 3 |
| (vii) | Aimsiú na huillinne déhéidrí riachtanaí | 1 |

**(b) Teilgin an sféir *(5)***

| | | |
|---|---|---|
| (viii) | Tógáil chun lár éadan B a aimsiú sa bhonnchló | 1 |
| (ix) | Aimsiú chiumhaischló an dromchla B | 1 |
| (x) | Suíomh an láir riachtanaigh sa 'chiumhaischló' | 1 |
| (xi) | An ciorcal riachtanach a tharraingt sa bhonnchló agus san ingearchló (mionsonraí folaithe san áireamh) | 2 |

***Iomlán = 20***

## CEIST A-4

**MARCANNA**

**(a) Teilgin na chéad saighde *(8)***

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Líne PA a tharraingt sa taobhchló agus san ingearchló | 8 |

**(b) Teilgin na chéad saighde nuair a bhuaileann sí an targaid *(9)***

| | | |
|---|---|---|
| (ii) | Pointe treá sa bhonnchló a aimsiú | 4 |
| (iii) | An tsaighead a tharraingt sa suíomh deiridh riachtanach sa bhonnchló | 2 |
| (iv) | An tsaighead a tharraingt sa suíomh deiridh riachtanach san ingearchló | 3 |

**(c) Uillinn idir an dá chonair eitilte *(3)***

| | | |
|---|---|---|
| (v) | P a cheangal de 'shúil na sprice' | 2 |
| (vi) | Tógáil cheart chun an fhíoruillinn idir an dá chonair eitilte a aimsiú | 1 |

***Iomlán = 20***

# CEIST B-1

**MARCANNA**

**(a) Tarraing an t-ingearchló a thugtar *(18)***

(i) Mór-aiseanna agus mion-aiseanna a tharraingt .................................................... **2**

(ii) An tógáil cheart a úsáid chun pointí ar an éilips a aimsiú .................................... **5**

(iii) Cuar éilipseach a tharraingt… (ceann ar bith = 2)................................................. **3**

(iv) An tógáil cheart a úsáid chun parabóil a tharraingt ............................................. **5**

(v) Cuar parabóileach a tharraingt… (ceann ar bith = 2) ............................................ **3**

**(b) Bonnchló imlíneach *(6)***

(vi) Modh cuí a úsáid le pointí a aimsiú ar an éilips sa bhonnchló ............................... **3**

(vii) An cuar éilipseach riachtanach a tharraingt sa bhonnchló... (ceann ar bith = 2)..... **3**

**(c) Taobhchló imlíneach *(2)***

(viii) Imlíne chiorclach a tharraingt sa taobhchló .......................................................... **2**

**(d) Mionsonraí inmheánacha sa taobhchló agus sa bhonnchló *(19)***

(ix) Trasghearrthacha ceartingearacha agus a n-imlínte ciorclacha a úsáid chun pointí ar na cuair 'inmheánacha' a aimsiú sa taobhchló ....................................... **4**

(x) Cuair 'inmheánacha' sa taobhchló a tharraingt… (ceann ar bith = 2).................... **2**

(xi) Trasghearrthacha ceartingearacha a úsáid chun pointí ar an 'ngearradh cothrománach' a aimsiú sa bhonnchló (5 cinn ar a laghad).................................. **6**

(xii) Trasghearrthacha ceartingearacha a úsáid chun pointí ar 'ghearradh parabóileach' a aimsiú sa bhonnchló (3 cinn ar a laghad) ............... **3**

(xiii) Cuair a tharraingt sa bhonnchló… (ceann ar bith = 2) .......................................... **2**

(xiv) An bonnchló, mionsonraí folaithe san áireamh, a chríochnú ................................ **2**

***Iomlán = 45***

# CEIST B-2

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló agus Ingearchló na bplánaí trasnacha *(14)***

(i) Na comhordanáidí a thugtar a úsáid chun an bonnchló riachtanach a tharraingt .......... **8**

(ii) Na comhordanáidí a thugtar a úsáid chun an t-ingearchló riachtanach a tharraingt .......... **6**

**(b) An Uillinn Dhéhéidreach *(19)***

(iii) $X_1Y_1$ comhthreomhar leis an líne trasnaithe AB .......... **5**

(iv) Teilgean na bplánaí agus na líne trasnaithe ar $X_1Y_1$ nua .......... **5**

(v) $X_2Y_2$ nua ingearach leis an líne trasnaithe AB .......... **4**

(vi) Teilgean ABCD agus ABEF mar línte agus uillinn dhéhéidreach a chur in iúl .......... **5**

**(c) Fíorchruth ABCD, sliospholl san áireamh *(6)***

(vii) An tógáil chuí a úsáid chun an fíorchruth a aimsiú .......... **1**

(viii) An fíorchruth a aimsiú (ceithre líne chearta) .......... **2**

(ix) An sliospholl a tharraingt sa suíomh ceart …..(1,1,1) .......... **3**

**(d) Suíochán agus rianta a tharraingt *(6)***

(x) Na lárphointí riachtanacha a cheangal sa bhonnchló agus san ingearchló .......... **2**

(xi) An 'suíochán' a chríochnú san ingearchló agus sa bhonnchló .......... **2**

(xii) An rian cothrománach riachtanach a tharraingt agus a thaispeáint .......... **1**

(xiii) An rian ceartingearach a aimsiú agus a thaispeáint .......... **1**

***Iomlán = 45***

# CEIST B-3

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló Riachtanach (11)**

(i) Heicseagán a tharraingt mar a thugtar .................................................................. 6

(ii) Bonnchló de Phlána an Phictiúir, de Phointe an Bhreathnóra agus de na Pointí Téaltaithe atá riachtanach ….(2,1,2) .................................................. 5

**Líníocht Pheirspictíochta den Phriosma (21)**

(iii) Líne na Talún agus an Léaslíne a tharraingt ........................................................ 2

(iv) $VP_1$ agus $VP_2$ a bhunú sa Líníocht Pheirspictíochta................................................ 2

(v) Éadan dronuilleogach tosaigh a tharraingt sa Líníocht Pheirspictíochta ............... 4

(vi) Peirspictíocht an dá éadan tosaigh eile a chríochnú ............................................... 4

(vii) Airde a theilgean agus a úsáid le peirspictíocht an phointe ar an dromchla cúil a aimsiú ..(1,1,1) ........................................................................ 3

(viii) Peirspictíocht na n-imeall bairr ar na dromchlaí cúil a tharraingt ......................... 3

(ix) An Líníocht Pheirspictíochta den phriosma barrscoite a chríochnú… (mionsonraí inmheánacha) ............................................................ 3

**Peirspictíocht na línte riachtanacha ar dhromchlaí B, A agus C (6)**

(x) Peirspictíocht na líne 15° ar dhromchla B agus na líne cothrománaí ar dhromchla A ….(1,1) ...................................................................... 2

(xi) AVP a úsáid chun an líne chlaonta ar dhromchla C a bhunú agus a tharraingt …(2,1,1)......................................................................... 4

**(b) Forbairt an Bhosca Taispeána (7)**

(xii) Forbairt na ndromchlaí A, B agus C a tharraingt ….(1,1,1) ................................. 3

(xiii) Línte ar dhromchlaí A, B agus C san Fhorbairt (comhlíneacht an dá líne ag 15° san áireamh) .......................................................................................... 4

*Iomlán = 45*

# CEIST C-1

**MARCANNA**

**(a) Oibreacha talún ar an Taobh Thuaidh den chúrsa sciála *(30)***

***Oibreacha talún idir A agus B (Leibhéalta) - Gearradh***

(i) Línte comhthreomhara a tharraingt 7.5mm óna chéile .......................................... **4**

(ii) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shonrú agus cuar a tharraingt …..(4×1)........... **4**

***Oibreacha talún idir B agus C (ag Íisliú) - Gearradh***

(iii) Stua riachtanach 22.5mm ar imeall an chúrsa sciála ag C (ingearach) a tharraingt ...................................................................... **3**

(iv) Línte comhthreomhara a tharraingt 7.5mm óna chéile .......................................... **5**

(v) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shonrú agus cuar a tharraingt ......................... **3**

***Oibreacha talún idir C agus D (Leibhéalta, cuid á leathnú) – Claífort***

(vi) Línte comhthreomhara a tharraingt 10mm óna chéile ........................................... **3**

(vii) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shonrú agus cuar a tharraingt …..(2×1)........... **2**

***Oibreacha talún idir C agus D (Leibhéalta, cuid leathan) – Claífort***

(viii) Línte comhthreomhara a tharraingt 10mm óna chéile ........................................... **3**

(ix) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shonrú agus cuar a tharraingt ….. .................. **2**

(x) Pointí Trasnaithe cruinne idir cuair na n-oibreacha talún ..................................... **1**

**(b) Próifíl trí chúrsa sciála agus uas-airde an chábla *(6)***

(xi) Teilgeoirí ón mbonnchló (3 phointe), airdí a bhunú agus an phróifíl riachtanach a tharraingt ......................................................... **2**

(xii) Túir ag E agus ag F a tharraingt ag 15m agus ag 20m faoi seach .......................... **2**

(xiii) Cábla a tharraingt agus uas-airde riachtanach a bhunú ......................................... **2**

**(c) Treoíocht agus Claonas an strataim *(9)***

(xiv) Pointí $P_h$, $Q_h$ agus $R_h$ a bhunú san ingearchló agus an triantán riachtanach a tharraingt............................................................................ **4**

(xv) Triantán riachtanach a tharraingt sa bhonnchló agus an Líne Treoíochta, S, a bhunú ........................................................................ **2**

(xvi) Claonas riachtanach a bhunú ...................................................................... **3**

***Iomlán = 45***

## CEIST C-2

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló an Scátha Gréine *(8)***

(i) Na ceithre stua riachtanacha a tharraingt sa bhonnchló ........................................ **4**

(ii) Pointí teagmhála (ocht gcinn) a aimsiú agus na himill thadhlaíocha riachtanacha a tharraingt ........................................ **4**

**(b) Taobhchló na Parabóile Giniúna *(9)***

(iii) Imlíne dhronuilleogach riachtanach don chuar ABC a bhunú ........................................ **2**

(iv) Tógáil chun pointí ar an bparabóil riachtanach a aimsiú ........................................ **4**

(v) Cuar parabóileach a tharraingt… (Ceann ar bith = 1-2) ........................................ **3**

**(c) Ingearchló an Scátha Gréine *(22)***

(vi) Imlíne dhronuilleogach riachtanach don chuar DBE a bhunú ........................................ **2**

(vii) Tógáil chun pointí ar an bparabóil riachtanach a aimsiú ........................................ **4**

(viii) Cuar parabóileach a tharraingt… (Ceann ar bith = 1-2) ........................................ **3**

(ix) Gearrthacha ceartingearacha spásáilte a úsáid go cuí agus aistriú leithead ón mbonnchló go dtí an taobhchló ........................................ **5**

(x) Aistriú airdí ón taobhchló go dtí na línte ceartingearacha gearrtha comhréire san ingearchló ........................................ **5**

(xi) An cuar atá riachtanach a tharraingt san ingearchló… (Ceann ar bith = 1-2) ........ **3**

**(d) Scáth Gréine Sínte *(6)***

(xii) An tógáil riachtanach do pharabóil ABC a atarraingt ........................................ **2**

(xiii) An tógáil a shíneadh go cothrománach agus go ceartingearach ........................................ **2**

(xiv) An cuar sínte riachtanach a tharraingt ........................................ **2**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-3

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló agus Ingearchló *(14)***

(i) An bonnchló a tharraingt mar a thugtar .......... **10**

(ii) An t-ingearchló a tharraingt mar a thugtar .......... **4**

**(b) Uillinn dhéhéidreach idir dromchlaí A agus B *(18)***

(iii) Fíorfhad na líne trasnaithe a bhunú sa chló cúnta ..(3,3,3) .......... **9**

(iv) Plána ingearach le AB a bhunú ($X_2Y_2$ nó lann thriantánach) .......... **3**

(v) Tógáil chun an uillinn dhéhéidreach riachtanach a aimsiú .......... **6**

**(c) Fíorfhad an trasnáin is giorra ar Dhromchla C agus Forbairt Dromchla *(9)***

(vi) Tógáil chun fíorfhad an trasnáin riachtanaigh a aimsiú .......... **2**

(vii) Forbairt dhromchla A a tharraingt .......... **2**

(viii) An fíorfhad (nó tógáil cheart eile) a úsáid chun forbairt riachtanach dhromchla C (nó B) a aimsiú .......... **2**

(ix) Forbairt na coda dronuilleogaí ceangailte a tharraingt .......... **1**

(x) Siméadracht a úsáid chun forbairt an Idirphíosa a chríochnú .......... **2**

**(d) Oscailtí i ndromchlaí B agus C sa Bhonnchló agus san Ingearchló *(4)***

(xi) Na himill seach-churtha isteach 10mm sa radharc Fíorchrutha .......... **1**

(xii) An oscailt ar Dhromchla C a aimsiú sa bhonnchló agus san ingearchló ag úsáid na tógála cirte .......... **2**

(xiii) Siméadracht a úsáid chun teilgin an dara hoscailt a tharraingt .......... **1**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-4

**MARCANNA**

**(a) Léaráid den Cheam agus Léaráid Díláithriúcháin *(25)***

(i) An ceamsheafta a tharraingt.......................................................................... 1

(ii) 'An fad is cóngaraí' a dhéanamh amach ar an léaráid den cheam ........................ 1

(iii) An ciorcal a roinnt ina 12 chuid chothroma (roinnt 30°)....................................... 2

(iv) Rannáin chothrománacha ar an léaráid díláithriúcháin ......................................... 2

(v) Tógáil chun an luasghéarú agus an luasmhoilliú aonfhoirmeach a aimsiú ar an léaráid díláithriúcháin (7 gcinn ar a laghad, pointí deiridh san áireamh)................ 4

(vi) An Treoluas Aonfhoirmeach a tharraingt ar léaráid díláithriúcháin....................... 2

(vii) Tógáil chun an ghluaisne shimplí armónach a aimsiú ar an léaráid díláithriúcháin..................................................................................... 4

(viii) Airdí a aistriú ón léaráid díláithriúcháin go dtí an léaráid den cheam .................... 4

(ix) Rollóirí a tharraingt ar línte roinnte 30° ................................................................ 2

(x) An léaráid den cheam a chríochnú ......................................................................... 3

**(b) Lócas don Chomhghluaiseacht *(20)***

(xi) Línte AB, BC agus $C$-$C_2$ (pointe $C_1$ san áireamh) a tharraingt de réir mar is cuí... 3

(xii) An chéad uillinn 60° a roinnt ina codanna cothroma (6 cinn ar a laghad) ............. 2

(xiii) $C$-$C_1$ a roinnt ina líon comhfhreagrach codanna cothroma ................................... 2

(xiv) Na pointí a bhunaítear in (xii) agus (xiii) thuas a úsáid chun pointí ar an lócas a aimsiú ................................................................................................... 3

(xv) An lócas riachtanach a tharraingt… (ceann ar bith = 1) ....................................... 3

(xvi) An dara huillinn 60° a roinnt ina codanna cothroma (6 cinn ar a laghad) ............. 1

(xvii) $C_1$-$C_2$ a roinnt ina líon comhfhreagrach codanna cothroma .................................. 1

(xviii) Na pointí a bhunaítear in (xvi) agus (xvii) thuas a úsáid chun pointí ar an lócas a aimsiú ................................................................................................... 2

(xix) An lócas riachtanach a tharraingt… (ceann ar bith = 1) ....................................... 3

***Iomlán = 45***

## CEIST C-5

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló Gearrtha *(42)***

***Cóimeáil (8)***

(i) Suíomh na bpáirteanna i gcomhréir lena chéile ........ **8**

***Bonn (8)***

(ii) Imlíne den bhonn (mol sorcóireach as an áireamh) ........ **3**
(iii) Mol sorcóireach, mionsonraí ar a bharr san áireamh ........ **2**
(iv) Mionsonraí inmheánacha (rilíf, filléid agus poll) ........ **3**

***An Chéad Chuaille Inse Cothrománach agus Pionna (7)***

(v) Imlíne an phíosa shorcóirigh ........ **2**
(vi) Feire ar dheis (filléid agus poill san áireamh) ........ **3**
(vii) Pionna (poll sorcóireach san áireamh) ........ **2**

***Ráillí Géige Comhthreomhaire (4)***

(viii) Ciorcail x 6 ........ **2**
(ix) Géaga cothrománacha x 2 ........ **2**

***An Dara Cuaille Inse Cothrománach (3)***

(x) Imlíne an phíosa shorcóirigh ........ **1**
(xi) Feire ar chlé (filléid san áireamh) ........ **2**

***Barrghéag Chrománach agus Pionna (5)***

(xii) Píosa sorcóireach ar chlé, mionsonraí ag an mbun san áireamh ........ **1**
(xiii) Barra naisc crománach ........ **2**
(xiv) Píosa sorcóireach ar dheis, poll agus pionna ar chlé san áireamh ........ **2**

***Brac Feiste an LCD (3)***

(xv) Píosa le hInsí ........ **1**
(xvi) Píosa ceartingearach 'Pláta Éadain' ........ **2**

***Críochnú na Líníochta (4)***

(xvii) Cur i láthair, haitseáil agus lárlínte ........ **4**

**(b) Uastaisteal Cothrománach *(3)***

(xviii) Aimsiú an tadhlaí inmheánaigh riachtanaigh ........ **1**
(xix) Achar 'fad géige' a úsáid ........ **1**
(xx) Achar riachtanach taistil chothrománaigh a bhunú agus a thaispeáint ........ **1**

***Iomlán = 45***


# ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.


**A-1.** Taispeánann an íomhá thíos mionchallaire Bluetooth. Tá an callaire bunaithe ar chiúb, agus a chuid éadan gearrtha mar a thaispeántar.

Taispeánann an líníocht ar dheis teilgean aisméadrach neamhiomlán de chiúb cosúil leis agus modh na n-aiseanna aisméadracha á úsáid. Tá na plánaí tagartha tugtha freisin. Taispeántar an t-ingearchló agus an bonnchló ina suíomhanna riachtanacha agus línte tarraingthe ar na trí éadan atá le feiceáil.

**(a)** Críochnaigh teilgean aisméadrach an chiúib agus na línte a thugtar.

**(b)** Aimsigh an fhíoruillinn idir na línte **ab** agus **cd**.






**A-2.** Taispeánann an ghrafaic thíos lógó *Chumann Gairmiúil Gailf na mBan*. Tá teaglaim de chuair chéimseatúla ann a léiríonn galfaire mná. Is parabóil é an príomhchuar agus is **normal** leis an bparabóil é seafta an mhaide gailf.


Taispeánann an líníocht ar dheis an ais **$AA_1$**, an treoirlíne **$DD_1$** agus an fócas **F**, de pharabóil chomhchosúil.

**(a)** Aimsigh an rinn agus tarraing cuid den pharabóil.

**(b)** Aimsigh an pointe **P** ar an gcuar atá 30mm ón treoirlíne agus tóg normal leis an gcuar ag an bpointe **P**.










**A-3.** Taispeántar dearadh le haghaidh tinteán paitió agus é bunaithe ar sholad rialta. Taispeánann an líníocht ingearchló agus bonnchló solaid atá comhchosúil leis.

Is peinteagáin rialta iad na héadain uile.

**(a)** Bain úsáid as an **$X_1Y_1$** a thugtar agus tarraing fíorfhad na líne trasnaithe idir na héadain **A** agus **B**, agus as sin aimsigh an uillinn dhéhéidreach idir an dá éadan.

**(b)** Aimsigh lárphointe éadan **B** sa bhonnchló agus tarraing teilgin sféir a shuíonn ar an bplána cothrománach agus atá i dteagmháil go tadhlaíoch le lárphointe éadan **B** freisin.





**A-4.** Taispeántar bonnchló, ingearchló agus taobhchló targaid bhoghdóireachta.

Seasann an líne **PA** do bhonnchló saighde díreach sula mbuaileann sí an targaid. Eitlíonn an tsaighead go cothrománach ar chonair dhíreach.


**(a)** Tarraing an tsaighead **PA** sa taobhchló agus san ingearchló.

**(b)** Aimsigh teilgin na saighde nuair a bhuaileann sí an targaid.


**(c)** Téann saighead eile, agus í ag taisteal i líne dhíreach, trí phointe **P** freisin agus buaileann sí an targaid i súil na sprice (an lárphointe). Aimsigh an fhíoruillinn idir an dá chonair eitilte.




**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**






| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| Scéim Mharcála | |
| Ceist B-1 | |
| Scála: n/a | Meith. 2017 |






| | | |
|---|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist B-2 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2017 |

| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist B-3 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2017 |





Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ard leibh.
Scéim Mharcála
Ceist C-1
Scála: n/a
Meith. 2017
55°
15
20
H
F
$P_h$
$Q_h$
$R_h$
$X_1$
$Y_1$
S
ϕ
N
S
E
W
A
B
C
D
E
F






| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| Scéim Mharcála | |
| Ceist C-2 | |
| Scála: n/a | Meith. 2017 |




| | | |
|---|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-3 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2017 |

| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-4 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2017 |






| | |
|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
| Scéim Mharcála | |
| Ceist C-5 | |
| Scála: n/a | Meith. 2017 |

# Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide
# Tasc an Dalta - Ardleibhéal
# Bileog Mheasúnachta 2017

| Scrúduimhir an Iarrthóra |
|---|
| |

| Aschur | Critéir Mharcála | | | Marc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Taighde Dearaidh** - Príomhghnéithe dearaidh a fhiosrú trí bhuntaighde & taighde tánaisteach a úsáid; Grafaicí iomchuí a roghnú; Leagan amach éifeachtach & cur i láthair éifeachtach na faisnéise, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán de na critéir – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | | |
| 2 | **Comparáid idir Ghnéithe Dearaidh -** Dhá íomhá oiriúnacha a roghnú; Príomhthoisí a chur isteach; Comparáid idir na príomhghnéithe dearaidh; Codarsnacht idir na príomhghnéithe dearaidh; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach na faisnéise, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | | |
| 3 | **Léiriúchán Grafaice Saorláimhe –** Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne le haghaidh rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar phríomhghnéithe an dearaidh, líníocht 3D ar chaighdeán 'presentation' san áireamh; Leagan amach agus cur i láthair | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **17 - 20** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **13 - 16** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **9 - 12** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **5 - 8** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 4** | | |
| 4 | **Páirteanna SolidWorks, Cóimeáil, Líníocht agus comhaid eDrawings** | | | |
| | • **Cloí leis an struchtúr comhdúcháin riachtanach** | 4 | | |
| | • **Ar a laghad 5 chomhad de na páirteanna a chruthú** | 2 | | |
| | • **Samhlacha Páirteanna** – Inniúlacht in CAD Paraiméadrach, barainneacht dearaidh agus cuspóir an dearaidh san áireamh; An phróifíl is oiriúnaí a roghnú; Sceitsí a shainléiriú go hiomlán; Gnéithe a ath-ainmniú; Easbhrú/coinníollacha deiridh den chineál ceart a úsáid | 10 | | |
| | • **Cóimeáil** – Timpeallacht na cóimeála a chruthú; Cruinneas na bpáirteanna d'fhonn an chóimeáil cheart a éascú; Na páirteanna a chur le chéile mar ba cheart; cuma oiriúnach a thabhairt i gcrích | 5 | | |
| | • **Fachtóir Deacrachta** | 5 | | |
| | • **eDrawing den tsamhail CAD** | 2 | | |
| 5 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks -** Clónna mionsonraithe ortagrafacha den déantán roghnaithe; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha rindreáilte den Chóimeáil; Cló scartha den tsamhail CAD; Na príomhthoisí, nótaí agus siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | | |
| 6 | **Léiriú Fótairéalaíoch** | | | |
| | Íomhánna fótairéalaíocha den déantán, arna cheapadh ar ríomhaire, a chur ar fáil | 7 | | |
| 7 | **Fiosrú grafaice ar réitigh dhearaidh -** Fiosrú ar théama/réiteach/réitigh; Réiteach/réitigh a roghnaíodh a chosaint; Íomhánna/grafaicí iomchuí a úsáid; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach ar an bhfaisnéis, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **21 - 25** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **16 - 20** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **11 - 15** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **6 - 10** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 5** | | |
| 8 | **Mionathrú/Coincheap Dearaidh a Chur i Láthair –** Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne ar mhaithe le rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar ghnéithe de mhionathrú nó de choincheap an dearaidh; Leagan amach agus cur i láthair | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **9 - 10** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **7 - 8** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **5 - 6** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **3 - 4** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 2** | | |
| 9 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks –** Samhail CAD; Clónna mionsonraithe ortagrafacha den réiteach atá á chur chun cinn; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha rindreáilte den tsamhail CAD; Íomhá fhótairéalaíoch; Na príomhthoisí, nótaí, siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | | | |
| | • **Scileanna CAD a chur in úsáid** | **5** | **5** | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **17 - 20** | **5** | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **13 - 16** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **9 - 12** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **5 - 8** | **15** | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 4** | | |

| 5 Marks | Fachtóir Deacrachta |
|---|---|
| 15 Marks | Aschuir chruachóipe |

| **Fo-iomlán** | | **Déantar marcanna a dhealú i gcás líon leathanach is mó ná mar a cheadaítear** | | **Iomlán** | |
|---|---|---|---|---|---|